V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11154 — LUBEA / GEL / ESTEVE HEALTHCARE)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 207/02)

1. An 2 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— LUBEA Cataman GmbH & Co. KG ('LUBEA', an Ghearmáin),

— Grupo Esteve Life Sciences, S.L., ('GEL', an Spáinn),

— Esteve Healthcare, S.L.U, ('Esteve Healthcare', an Spáinn).

Gheobhaidh LUBEA agus GEL rialú comhpháirteach ar Esteve Healthcare de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Ghearmánach í LUBEA atá gníomhach in infheistíochtaí i gcuideachtaí a fháil, a fhorbairt, a shealbhú agus a dhíol chomh maith le cuideachtaí a bhunú. Tá caipiteal LUBEA ar seilbh go hiomlán ag Lukas Asset Management SE & Co. KG.

— Is corparáid Spáinneach é GEL a bhfuil a ceanncheathrú in Barcelona. Is gnó faoi úinéireacht teaghlaigh é atá faoi úinéireacht bhaill de theaghlach Esteve, arb é an t-aon chuspóir amháin aige 100 % de na scaireanna in Esteve Healthcare a bheith ina sheilbh.

— Is grúpa cógaisíochta speisialtachta dílseánaigh idirnáisiúnta Spáinneach é Esteve Healthcare, atá gníomhach sa slabhra luacha cógaisíochta ar fad, ón taighde réamhchliniciúil go dtí monarú agus díol foirmeacha dáileogachta críochnaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11154 — LUBEA / GEL / ESTEVE HEALTHCARE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË